COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

E00178515 BR2 1024

COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

# Cuir airgead i dtaisce le Coigilteas Stáit na hÉireann inniu

Tá tuilleadh eolais le fáil ag
**statesavings.ie**



# Is muidne Coigilteas Stáit na hÉireann.

Cuirimid bealach áisiúil ar fáil do gach duine in Éirinn chun airgead a shábháil, bíodh an tsuim mór nó beag, an t-achar ama gearr nó fada.

Tá réimse leathan táirgí ar fáil uainn, mar sin is cuma cén fáth a bhfuil airgead á shábháil agat, tá rogha againn a oireann duitse.

### Tugaimid aire do do chuid airgid

Nuair a shábhálann tú airgead linne, bíonn gach cent faoi chosaint ag an Stát, ionas gur féidir leat a bheith deimhin de go bhfuil d'airgead slán sábháilte. Tá ár gcuid táirgí Téarma Sheasta, Tráthchoigiltis agus Duaisbhannaí saor ó cháin agus ní ghearrtar táillí ná muirir ar bith orthu, agus is féidir leat do chuid airgid a aistarraingt más mian leat, gan phionós.

### Tacaímid le cultúr láidir coigiltis

Creidimid gur tábhachtach an rud é airgead a shábháil – ní i gcomhair lá na coise tinne amháin ach chun sult a bhaint as. Ach airgead a bheith i dtaisce agat is féidir leat do chuid aislingí a fhíorú, bídís beag nó mór. Is mian linn nós na sábhála airgid a bheith ina chuid den saol laethúil ionas gur féidir níos mó aislingí a fhíorú.

### Cé ar cheart dóibh an fhoirm seo a líonadh isteach?

Líon isteach an Fhoirm Iarratais do Chustaiméirí Nua mura bhfuil Uimhir Chustaiméara Coigiltis Stáit (UCCS) agat cheana féin agus más mian leat clárú mar chustaiméir de chuid Choigilteas Stáit na hÉireann chun Duaisbhannaí, Táirgí Téarma Sheasta (Bannaí Dlúthpháirtíochta Náisiúnta, Cairteacha Coigiltis, Bannaí Coigiltis) a cheannach, nó Táirgí Tráthchoigiltis a cheannach.

Is féidir leat cur isteach ar ár gCuntas Taisce freisin, agus tá foirm iarratais le fáil ag d'Oifig Poist.

### Conas tosú ag sábháil airgid linn

1. Líon isteach an fhoirm iarratais seo agus bailigh bunchóipeanna nó cóipeanna deimhnithe de na doiciméid seo a leanas:
    - Cruthúnas ar an Ainm: Pas nó Ceadúnas Tiomána Bailí
    - Cruthúnas ar an Seoladh: Bille Fóntais, Ráiteas Bainc, nó Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim a eisíodh le sé mhí anuas
    - Cruthúnas ar UPSP: Cárta Seirbhíse Poiblí, Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Roinn Coimirce Sóisialaí
    - Cruthúnas i leith Tuismitheora/ Caomhnóra (má tá an t-iarratasóir faoi 18): Teastas Breithe an Linbh nó an tOrdú Cúirte is infheidhme (nó fianaise dhoiciméadach ábhartha eile). Ní mór do thuismitheoirí / caomhnóirí an fhoirm a shíniú freisin agus cruthúnas ar ainm agus seoladh a sholáthar (mar a luaitear thuas).
2. Tabhair an fhoirm agus na doiciméid sin chuig d'Oifig Poist nó cuir ar an bpost iad chuig Coigilteas Stáit na hÉireann, SAORPHOST, Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath 1, D01 FSP2.
3. Nuair a bheidh d'iarratas ceadaithe againn, seolfaimid do shonraí clárúcháin chugat, agus do UCCS san áireamh.
4. Is féidir leat do UCCS a úsáid chun Duaisbhannaí, Táirgí Téarma Sheasta agus Táirgí Tráthchoigiltis a cheannach.

### Coigilteas Stáit na hÉireann Ar Líne

Más mian leat do shealúchas agus d'idirbhearta a fheiceáil agus a bhainistiú ar líne, féachaint ar bhuaigh tú duais ar na Duaisbhannaí nó airgead a aistriú chuig do chuntas bainc, cláraigh le Coigilteas Stáit na hÉireann Ar Líne. Ní dhéantar Cuntais Taisce a bhainistiú ar líne.

Is féidir leat tú féin a chlárú nuair a fhaigheann tú do litir fáilte, ina mbeidh d'uimhir aitheantais phearsanta agus faisnéis eile.

Féach **statesavings.ie/register** le haghaidh tuilleadh faisnéise.

### Rátaí Úis

I gcomhair na rátaí úis atá i bhfeidhm faoi láthair, scan an cód mearfhreagartha nó téigh chuig **statesavings.ie** nó d'Oifig Poist.

### Téarmaí agus Coinníollacha

Is é Coigilteas Stáit na hÉireann an t-ainm branda a úsáideann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) don raon táirgí coigiltis a chuirtear ar fáil don phobal. Feidhmíonn An Post agus an Chuideachta Duaisbhannaí mar ghníomhairí de chuid GBCN chun táirgí a dhíol.

Tá táirgí Choigiltis Stáit na hÉireann faoi réir Uasteorainneacha Sealbhaíochta, Téarmaí agus Coinníollacha, agus reachtaíocht ábhartha. Tá ár dTéarmaí agus Coinníollacha ag **statesavings.ie/ terms-conditions** nó ag d'Oifig Poist.

### Déan teagmháil linn

**Suíomh Gréasáin:** statesavings.ie

**Ríomhphost:** service@statesavings.ie

**Teileafón:** 0818 20 50 60 / 01 705 7200 (Luan–Aoine, 08:00-20:00)

**Ar an bPost:** Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 FSP2

**Tabhair cuairt ar:** Oifig an Phoist